Cén fáth a vótáladh tú?
Tá sé tábhachtach go ndéanfadh chuile dhuine atá i dteideal vóta a chaitheamh é sin a dhéanamh. Is é do vóta an deis is fearr atá agat do thuairimí a chuir in iúl maidir le cén chaoi a ndéantar an tír a rith.

Tionóltar toghcháin áitiúla chuile chúig bhliana chun Comhairleoirí Contae, Cathrach agus Baile a thogha. Tionólfar Toghcháin Áitiúla 2009 ar an Aoine 5 Meitheamh 2009 in éindí leis na Toghcháin Eorpacha. Toghfar 30 Comhairleoir Contae chuig Comhairle Chontae na Gaillimhe óna 5 toghcheantar áitiúil de Béal Átha na Sluaighe, Conamara, Baile Locha Riach, Órán Mór agus Tuaim.

Chomh maith leis sin toghfar 9 Comhairleoir chuig gach ceann de na Comhairlí Baile i mBéal Átha na Sluaighe, Tuaim agus Baile Locha Riach. Tá sé de cheart ag vótálaithe sna bailte seo vóta a chaitheamh i dtoghcháin Comhairle Contae agus Comhairle Baile.

Cé gur féidir leo Vótáil?
Tá chuile chónaitheach fásta in Éirinn i dteideal clárú do vótáil. Rialaíonn saoránacht cén toghchán gur féidir leat vótáil ann.

- **Toghcháin Áitiúla**: Tá saoránaigh cónaitheach Éireannach, Briotanach, saoránaigh AE eile agus saoránaigh nach ón AE iad ar fad i dteideal vóta a chaitheamh i dtoghcháin áitiúla.
- **Toghcháin Eorpach**: Is féidir le saoránaigh cónaitheach Éireannach, Briotanach agus AE vótáil i dtoghcháin Eorpacha chomh maith.

Chun vótáil i dToghcháin Áitiúla Chontae na Gaillimhe agus Eorpacha

- **Caithfidh** cónaí a bheith ort i gContae na Gaillimhe (féach ar an mapa)
- **Caithfidh** tú a bheith cláraithe ar Chlár na dToghthóirí
- **Caithfidh** tú a bheith os cionn 18 bliana d'aois

Cén chaoi a mbeidh a fhios agam an bhfuil mé ar Chlár na dToghthóirí?
Is féidir leat a sheiceáil an bhfuil tú ar Chlár na dToghthóirí trí fiosrúchán a dhéanamh in Oifigí na Comhairle Contae, do leabharlann poiblí, d'oifig poist áitiúil agus do stáisiún Gardaí áitiúil. Is féidir seiceáil ag www.checktheregister.ie chomh maith.

Céard a tharlaíonn mura bhfuil mé ar an gClár?
Mura bhfuil tú ar an gClár cheanna féin is féidir leat iarratas a dhéanamh a bheith curtha ar an bhForlíonadh do Chlár na dToghthóirí. Is féidir é seo a dhéanamh trí an fhoirm **RFA2** a líonadh. Caithfidh an fhoirm seo, atá ar fáil ó Oifigí na Comhairle Contae, leabharlanna poiblí, oifigí poist agus Stáisiúin Gardaí, a bheith sínithe ag do stáisiún Gardaí áitiúil (ná dearmad comhartha aitheantais le grianghraf a thabhairt leat). Ba cheart an fhoirm a sheoladh ar ais chuig Comhairle Chontae na Gaillimhe roimh an **Luan 18 Bealtaine 2009**.

Cén chaoi a gcaithim vóta?
Rialaíonn an áit a bhfuil cónaí ort cén áit a gcaithfidh tú vóta. Tá stáisiún vótála áirithe sonraithe do chuile shráid/bhóthar.

Ba cheart go bhfaigheadh chuile dhuine atá ar an gclár cárta vótála. Sonraíonn sé seo d'ainm, do sheoladh agus an stáisiún vótála a cheart duit a dhul chuige. Tabhair leat do chárta vótála agus comhartha aitheantais le grianghraif chuig an stáisiún vótála. Mura bhfaigheann tú do chárta vótála féach ar na sonraí teagmhála thíos.

Nuair a théann tú chuig an stáisiún vótála, téigh chuig an deasc chun go n-aithneofar tú agus go marcáiltear don chlár tú. Tugtar duit an páipéar ballóide ábhartha ansin. Léiríonn sé seo ainmneacha na n-iarrthóirí de réir ord aibítre, a ngrianghraif agus an páirtí polaitíochta (más ann dó) lena mbaineann siad.

Téann tú chuig an mboth ansin agus líonann isteach do pháipéar ballóide go príobháideach. Tá sé tábhachta uimhir 1 a scríobh le taobh ainm do chéad rogha, 2 le taobh ainm do dara rogha, 3 le taobh ainm do tríú rogha agus ar aghaidh mar sin chomh fada agus gur mian leat a dhul. **Ná** marcáil X nó √ in aon bhosca.

Fill do pháipéar ballóide agus cur isteach sa mbosca speisialta é – an bosca ballóide.

Chun tuilleadh eolais a fháil déan teagmháil le:
Idirlíon: www.galway.ie/ga/EolasardoChomhairle/ClarnadToghthoiri/
R phost: register@cocogaillimh.ie
Fón: Clár na dToghthóirí ag: (091) 509310
Seoladh: Clár na dToghthóirí, Comhairle Chontae na Gaillimhe, Áras an Chontae, Cnoc na Radharc, Gaillimh.